# STAIR...An Gorta Mór

Ba é an Gorta Mór an ghéarchéim ba mheasa i stair na hÉireann. Le linn an ama sin, fuair milliún Éireannach bás agus d'fhág níos mó ná milliún eile an tír de bhrí gur theip ar an bpráta.



## RIAIL AN CHOILÍNEACHAIS

Le linn an 16ú agus an 17ú haois, rinne na Sasanaigh plandálacha in Éirinn, inar tugadh talamh na nÉireannach do lonnaitheoirí dílse na Breataine. Ní raibh sé seo cothrom ar mhuintir na hÉireann agus fágadh i gcruachás agus i mbaol díbeartha iad.



## AN DÚCHAN

Tháinig aicíd dhubh - nó dúchan na bprátaí – chun cinn in Éirinn in 1845. Bhraith daoine ar an bpráta, ach bhí cúltaiscí ag formhór mhuintir na hÉireann. Nuair a tháinig an dúchan ar an bpráta arís ina dhiaidh sin, áfach, bhí bochtanas, galar, ocras, bás nó eisimirce mar thoradh aige.





Easpórtáladh cruithneacht, coirce agus eorna le linn an ghorta

## CABHAIR

Chuir rialtas na Breataine cistineacha anraith ar bun, ach ní raibh siad ag iarraidh mórán airgid a chaitheamh ar bhochtain na hÉireann. De bharr díbeartha agus gorta, fágadh go leor feirmeoirí agus saothraithe i dtithe na mbocht lena dteaghlaigh, áit ar oibrigh siad faoi dhálaí maireachtála uafásacha.

## EISIMIRCE

Chuaigh cuid mhór acu siúd a d'fhag Éire go Meiriceá Thuaidh. Chaith formhór acu an t-airgead a bhí sábháilte acu; fuair cuid acu maoiniú ó thiarnaí talún nó ón rialtas. Faoi Scéim Earl Grey, aistríodh cailíní dílleachtaithe ó thithe na mbocht chun na hAstráile, áit a raibh ceannas ag fir.




1.8 milliún go Meiriceá Thuaidh (1845 – 1852).





## LONGA BÁIS

Thaistil teifigh Éireannacha trasna an Atlantaigh i mbáid dhorcha, thaise, phlódaithe. Cailleadh roinnt paisinéirí a bhí míchothaithe cheana féin sa stíris de bharr leithéidí tífis – nó 'galar na mbád'. In 1847 cailleadh duine as gach cúigear a chuaigh ó Chorcaigh go Quebec sular leag siad cos ar thalamh.

## AN SAOL NUA

D'fhulaing eisimircigh Éireannacha leithcheal sna tíortha eile go minic agus bhíodh cuid acu ag streachailt sa saol, ach bhí saolta níos fearr ag a gclanna. Cé gurbh eachtra thubaisteach i stair na hÉireann é an Gorta Mór, d'fhág sé go bhfuil na milliúin Éireannach scaipthe ar fud an domhain.

